Mhicreathrádáil le fáil ar www.microtrade.org

Cultúr na Fiontraíochta a Chothú

I dteannta an róil a bhíonn acu i dtaca le seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil d'earnálacha mionghnónna, bíonn dualgas sonrach ar na BFCanna cultúr na fiontraíochta a spreagadh agus a chothú ina réimsí oibriúcháin féin. Tugann na Boird faoi ghníomhaíochtaí bolscaireachta gach bliain lena n-áirítear seimineáir fiontraíochta, feachtais phoiblíochta, seónna bóthair, seastáin eolais ag imeachtaí Náisiúnta agus Áitiúla, agus leanann siad ar aghaidh ag cruthú nasc le hinstitiúidí agus le heagraíochtaí ábhartha eile chun tacaíochtaí a uasmhéadú ag leibhéal áitiúil. Cuireann go leor Bord spás oibre ar fáil mar dhreasacht bhreise d'fhiontraithe poitéinsiúla nó d'fhiontraithe a bhíonn ag leathnú.

Freagairt áitiúil ar riachtanais áitiúla

Cuireann Boird Fiontar Contae agus Cathrach raon leathan tacaíochtaí ar fáil a bhíonn curtha in oiriúint do riachtanais áitiúla. Leanann gach Bord ar aghaidh ag freagairt dá mbíonn ag tarlú sa gheilleagar áitiúil, géilleagar lena mbaineann deacrachtaí agus dúshláin éagsúla d'earnáil na micrifhiontar. Tá pleananna gnímh curtha i bhfeidhm ag Boird Fiontar Contae agus Cathrach don tréimhse go dtí Nollaig 2006 agus is féidir mionsonraí iomlán faoi do Bhord Fiontar áitiúil a fháil ag www.enterpriseboards.ie.

An English version of this leaflet is available on request

Forbairt Cumais agus Fiontraíochta

Cuireann Boird Fiontar Contae agus Cathrach raon tacaíochtaí ar fáil do ghnónna beaga nua agus bunaithe. Bíonn tacaíochtaí éagsúla ann, ó sheirbhís tosaigh 'Siopa Céadchuairte' d'eolas, do chomhairle, d'oiliúint agus do mheantóireacht go tacaíochtaí airgeadais. Tá na tacaíochtaí leagtha amach chun cuidiú le fiontraithe nua agus reatha ag gach céim d'fhorbairt an ghnó.

Boird **Fiontar**
Contae agus Cathrach

Ag tacú leis an bhfiontraíocht áitiúil
www.enterpriseboards.ie

Faigheann Boird Fiontar na Cathrach agus an Contae maoiniú ó Rialtas na hÉireann agus páirt-mhaoiniú ón Aontas Eorpach faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006.

Tacaíocht atá ar fáil ó Bhoird Fiontar Contae agus Cathrach

Tá sé ríthábhachtach d'fhorbairt gnónna beaga scileanna nua gnó agus teicneolaíochta a fháil. Bíonn ról tosaigh ag Boird maidir leis an gcleachtas agus an caighdeán is fearr bainistíochta a chothú. I dteannta seirbhísí meantóireachta, is féidir le Boird sainmhodúil oiliúna a eagrú do na scileanna lárnacha bainistíochta. Tá cothú na fiontraíochta i measc ban agus na sochair a ghabhann leis an tráchtáil leictreonach mar aon leis an bhfiontraíocht ar scoil i gcroílár mhisean na mBord i dtaca le Forbairt Cumais agus Fiontraíochta.

Forbairt Cumais agus Fiontraíochta

Eolas agus Comhairle

Cuireann na Boird Fiontar Contae agus Cathrach seirbhís iomlán Faisnéise agus Comhairle ar fáil d'fhiontraithe nua agus reatha i dtaca le gach gné de ghnó a bhunú agus a rith.

Feidhmíonn an Bord mar 'sheirbhís aonphointe teagmhála agus tarchurtha' do gach gníomhaireacht agus eagraíochta stáit; cuireann sé eolas ar fáil i dtaca le dreasachtaí fiontraíochta, struchtúir ghnó, cánachas, oibleagáidí reachtúla, fáil a bheith ar ionad oibre, taighde an mhargaidh, deiseanna chun scileanna a fheabhsú, pleanáil gnó agus straitéiseach, etc. Bíonn leabharlanna fairsinge agus ionaid eolais ag go leor Bord agus bíonn teacht ag cliaint orthu sin.

Meantóireacht

Déanann an tseirbhís seo iarracht eolas, scileanna, léargas agus cumas fiontraíochta atá ag cleachtóirí gnó a bhfuil taithí acu a mheaitseáil le húinéirí/bainisteoirí gnónna beaga a bhfuil comhairle agus treoir phraiticiúil agus straitéiseach duine ar dhuine de dhíth orthu. Cuireann an Meantóir tuairimí agus comhairle neamhspleách agus eolasach ar fáil chun cuidiú le cinntí a dhéanamh. Is iad na nithe a dhéanann meantóirí de gnnáth ná bainistíocht ghinearálta, struchtúrú airgeadais, pleanáil táirgíochta, margaíocht, agus pleanáil straitéiseach. Tarlaíonn idirghabháil an Mheantóra ar an láthair/ag ionad gnó an fhiontraí de ghnáth. Déileáiltear le gach iarratas ar chúnamh Meantóireachta ar bhonn aonair agus déantar anailís ar riachtanais oiliúna roimh ré.

Oiliúint i Scileanna Gnó/Cláir Forbartha Bainistíochta

D'fhonn cuidiú le gnónna beaga déileáil le dúshláin shaol an ghnó, cuireann an BFCanna raon tacaíochtaí oiliúna ar fáil a bhíonn dírithe ar riachtanais shonracha ghnó a bhaint amach. I measc raon na gclár a chuireann na Boird ar fáil de ghnáth tá meascán de chearlanna lae, seimineáir, cláir tráthnóna agus cláir chuimsitheacha forbartha bainistíochta. Cé go mbíonn ábhar na hoiliúna curtha in oiriúint do riachtanas eolais agus scileanna an chliaint aonair, bíonn an-tóir ar théamaí faoi leith i gcónaí. Ina measc sin tá cláir cosúil le Cuir Tús le do Ghnó Féin, Díolacháin agus Margaíocht, Reachtaíocht Fostaíochta agus Acmhainní Daonna, Sláinte agus Sábháilteacht, Forbairt Phearsanta, Bainistíocht Ama, Bainistíocht Airgeadais, Forbairt Bainistíochta, Tráchtáil Leictreonach agus oiliúint i scileanna Teicneolaíochta Faisnéise, etc.

Láithreán Gréasáin a Fhorbairt/ a Chur ar Taispeáint agus Deontais Eile

Tá Boird Fiontar in inmhe tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt chumas na tráchtála leictreonaí i measc gnónna beaga, rud a chuirfidh feabhas ar an trádáil tríd is tríd le himeacht aimsire. Cuireann go leor Bord deontais agus deiseanna taispeántais ar fáil d'fhiontair incháilithe chun páirt a ghlacadh in aonaigh, i seónna agus i dtaispeántais trádála.

Gradaim Fiontar Náisiúnta

Eagraíonn na Boird Fiontar Contae agus Cathrach Gradaim Fiontar Náisiúnta chun aitheantas a thabhairt d'éachtaí a dhéanann fiontair bheaga agus don obair thábhachtach a dhéanann siad do phobail ar fud na tíre.

Bíonn an comórtas teoranta do ghnónna a bhain leas as tacaíochtaí (deontais) airgeadais na mBord Fiontar Contae agus Cathrach faoi Bheart 1 agus teoranta d'fhiontair a bhíonn fós cáilithe do chúnamh. Roghnaíonn gach contae buaiteoir iomlán a théann ar aghaidh chuig na craobhchomórtais Réigiúnacha/an Chraobh Náisiúnta. Baineann duais €20,000 leis an gcomórtas náisiúnta agus san am atá caite, chuaigh buaiteoirí Náisiúnta ar aghaidh chuig an duais 'Éachtaí Óg Gnó an Domhain' a bhaint amach.

Cláir Lionraithe Gnó

Ról tábhachtach de chuid na mBord Fiontar Contae agus Cathrach is ea deiseanna i dtaca le líonrú a chur ar fáil do ghnónna áitiúla. Déanann na Boird go leor líonraí gnó a eagrú agus a chothú, lena n-áirítear líonraí Mná i nGnó agus i gCnuasaigh Earnála. Déan teagmháil le do Bhord Fiontar áitiúil chun eolas breise a fháil i dtaca le líonraí gnó i do cheantar.

Cláir Scoileanna

Déanann Boird Fiontar Contae agus Cathrach iarracht timpeallacht a chothú inar féidir le líon níos mó agus níos mó Éireannach a bhfiontair féin a bhunú agus a rith. Agus an cuspóir sin á bhaint amach acu, thacaigh na Boird le múinteoirí chun roinnt clár fiontraíochta gníomhbhunaithe a sheachadadh, cláir a bhfuil sé mar aidhm acu taithí phraiticiúil a thabhairt do mhic léinn ar a ngnó féin a bhunú agus a rith. Go náisiúnta, cuireann Boird cláir éagsúla ar fáil a bhíonn dírithe ar spiorad na fiontraíochta a chothú i mic léinn, lena n-áirítear:

Gradaim Fiontraíochta do Mhic Léinn:

Tugann an Clár seo deis do mhic léinn gnó a thabhairt ó chéim na tuairime, trí thaighde margaidh, táirgíocht, díolachán, taifid a choimeád, bainistíocht agus, ar deireadh, tuairisc chuimsitheach a scríobh ar a gcuid gníomhaíochtaí. Bíonn gach iontráil scoile ar taispeáint ag Craobh an Chontae agus téann buaiteoirí Sóisearacha, Idirmheánacha agus Sinsearacha an Chontae ar aghaidh chuig an gCraobh Náisiúnta. Chun níos mó eolais a fháil faoin gcomórtas seo féach ar www.studententerprise.ie

Enterprise Encounter:

Tríd an gclár seo bíonn teagmháil dhíreach ag mic léinn na hArdteistiméireachta le fiontraithe áitiúla. Is é aidhm an chláir ná léargas a thabhairt do mhic léinn ar a mbíonn de dhíth chun gnó a bhunú agus a rith agus síol na fiontraíochta a chur ina n-intinn. Comhfhiontar atá in Enterprise Encounter idir Boird Fiontar Contae agus Cathrach agus Seirbhísí Tacaíochta an Dara Leibhéal sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Eile:

Ar leibhéal áitiúil, feidhmíonn na Boird scéimeanna a fhorbraítear i gcomhar le hInstitiúidí Tríú Leibhéal agus le comhairleoirí príobháideacha, scéimeanna a ghineann cultúr na fiontraíochta. Ar chláir shamplacha bheadh Feasacht Fiontraíochta, Captaein na Fiontraíochta, etc, a oireann go breá do mhic léinn na hidirbhliana, nascmhodúl an LCVP agus na hardteistiméireachta feidhmí agus ba chóir féachaint orthu mar thionscnaimh a théann lámh ar láimh le tionscnaimh eile na mBord Fiontar Contae agus Cathrach, cosúil leis na Gradaim Fiontraíochta do Mhic Léinn agus Enterprise Encounter etc.

Bí Gnóthach

Clár traschuraclaim faoi oideachas fiontraíochta, atá leagtha amach do leanaí 10 – 12 bhliain d'aois, atá sa chlár Bí Gnóthach. Tá sé oiriúnach, leis, do leanaí níos sine i dtimpeallachtaí speisialta scoile. Áirítear ar an gclár seo físteip agus pacáiste acmhainní mar aon le nótaí don mhúinteoir agus bileoga spreagúla gníomhaíochta.

Clár Micreathrádála

Is é aidhm an Chláir Mhicreathrádála ná comhoibriú trádála agus gnó trasteorann a chothú, go háirithe in earnáil na micreafhiontraíochta. Is ann don chlár de thoradh comhpháirtíocht trí bhealach idir InterTradeIreland, na Boird Fiontar Contae agus Cathrach (Poblacht na hÉireann) agus Enterprise Northern Ireland (comhlacht forghabhálach an 32 Gníomhaireacht Fiontraíochta Áitiúla i dTuaisceart Éireann).

Tacaíonn an clár le Boird Fiontar Contae agus Cathrach agus le Gníomhaireachtaí Fiontraíochta Áitiúla chun tabhairt faoi chomhthionscadail cosúil le cuairteanna a bheith á dtabhairt ag líonraí gnónna beaga, Thuaidh agus Theas, ar a chéile, nó chun éascaíocht a dhéanamh dá gcliantchuideachtaí maidir le margaí trasteorann a fhorbairt. Ina theannta sin, cuireann an clár raon tacaíochtaí ar fáil go díreach do mhicreafhiontair ar spéis leo trádáil agus comhoibriú uile-oileáin a fhiosrú, lena n-áirítear sraith imeachtaí móra líonraithe uile-oileáin do mhicreafhiontair (idir 1-10 bhfostaí de ghnáth), clár tacaíochta do ghnónna a chuireann isteach ar chonarthaí trasna na teorann agus maoiniú do phéirí nó do ghrúpaí gnónna a bhíonn i mbun comhthionscadal forbartha gnó. Tá tuilleadh eolais faoi >>